2024/2970

2.12.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2970 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Samhain 2024

lena leasaítear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a mhéid a bhaineann le bearta chun cosc a chur le láithreacht víreas tráta an toraidh dhoinn rocaigh ar phlandaí *Solanum lycopersicum* L. agus a hibridí agus *Capsicum annuum* L. le haghaidh plandú, agus lena mbunaítear rátaí minicíochta na rialuithe oifigiúla

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 37(2), Airteagal 37(4), Airteagal 72(2) agus Airteagal 79(2) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([2]), agus go háirithe Airteagal 22(3), Airteagal 52 agus Airteagal 54(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1032 ón gCoimisiún ([3]) bunaíodh bearta chun cosc a chur ar thabhairt isteach víreas tráta an toraidh dhoinn rocaigh (ToBRFV)('an lotnaid shonraithe') i gcríoch an Aontais agus ar a leathadh laistigh di. Bhí na bearta sin bunaithe ar Airteagal 30(1) de Rialachán (AE) 2016/2031 ós rud é nach raibh an lotnaid sin liostaithe mar lotnaid coraintín de chuid an Aontais an tráth sin. Tarchuirtear an lotnaid shonraithe trí phlandaí *Solanum lycopersicum* L. agus a hibridí, agus *Capsicum annuum* L. le haghaidh plandú.

(2) De réir tuarascálacha a chuir roinnt Ballstát isteach, ó glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1032, tá an lotnaid shonraithe tar éis leathadh go forleathan laistigh de chríoch an Aontais d'ainneoin na mbeart a leagtar síos sa Rialachán sin. Thairis sin, in anailís riosca lotnaidí cothrom le dáta mhí an Mheithimh 2024 ón Eagraíocht Eorpach agus Meánmhara um Chosaint Plandaí (EPPO) ([4]), tugadh faoi deara go bhfuil athrú tagtha ar an staid maidir leis an lotnaid sin a mhéid go bhfuil méadú tagtha ar a achar dáileacháin ar fud an domhain.

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/2031/oj.
([2]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/625/oj.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1032 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2023 lena mbunaítear bearta chun cosc a chur ar thabhairt isteach víreas tráta an toraidh dhoinn rocaigh (ToBRFV) i gcríoch an Aontais agus ar a leathadh laistigh di agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1191 (IO L 139, 26.5.2023, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1032/oj).
([4]) EPPO (2024) *Pest risk analysis for tomato brown rugose fruit virus*. EPPO, Páras. Le fáil ag https://gd.eppo.int/taxon/TOBRFV/documents.

(3) Ar bhun thuarascálacha na mBallstát agus anailís riosca EPPO, is é an chonclúid go bhfuil an lotnaid shonraithe i láthair go forleathan ar chríoch an Aontais; sa chaoi sin ní féidir leis cáiliú mar lotnaid choraintín de chuid an Aontais nó a bheith faoi réir na mbeart de bhun Airteagal 30 de Rialachán (AE) 2016/2031. Thairis sin, is trí phlandaí sonracha le haghaidh plandú a tharchuirtear an lotnaid shonraithe den chuid is mó, agus tá tionchar eacnamaíoch do-ghlactha ag baint lena láithreacht ar na plandaí sin a mhéid a bhaineann lena n-úsáid bheartaithe. Ar deireadh, tá bearta indéanta agus éifeachtacha ar fáil chun a láithreacht ar na plandaí le haghaidh plandú ábhartha a chosc. Anois comhlíonann an lotnaid shonraithe na critéir uile a leagtar amach in Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2016/2031 le bheith liostaithe mar lotnaid neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart an lotnaid shonraithe a liostú mar lotnaid neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún ([5]), le teorainn lamháltais de 0 %, agus ba cheart í a bheith faoi réir bearta iomchuí chun a láithreacht ar na plandaí sonraithe a chosc.

(4) Ós rud é go dtarchuirtear an lotnaid shonraithe trí phlandaí *Solanum lycopersicum* L. agus a hibridí, agus *Capsicum annuum* L. le haghaidh plandú, ba cheart í a liostú, i ndáil leis na plandaí le haghaidh plandú sin, i gCuid F agus i gCuid I d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, maidir le síolta glasraí agus ábhar iomadaithe glasraí agus ábhar plandaithe, faoi seach.

(5) Chun a áirithiú go bhfuil síolta *Solanum lycopersicum* L. agus a hibridí, agus síolta *Capsicum annuum* L saor ón lotnaid shonraithe, is iomchuí a cheangal go gcomhlíonfar ceann den dá cheanglas seo a leanas: is de thionscnamh tír a shuigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír sin go bhfuil sí saor ó ToBRFV na síolta i gcomhréir leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta, nó déantar tástáil oifigiúil, nó tástáil ag oibreoirí gairmiúla faoi mhaoirseacht oifigiúil, ar na síolta sin le haghaidh láithreacht na lotnaide sonraithe nuair a thagann siad isteach san Aontas, nó sula n-aistrítear iad laistigh den Aontas, agus faightear go bhfuil siad saor ón lotnaid sin de réir na tástálacha sin.

(6) Chun scrios iomarcach síolta a sheachaint i gcás baisceanna beaga síolta *Solanum lycopersicum* L. agus a hibridí, agus *Capsicum annuum* L. a thagann ó 30 máthairphlanda nó líon níos lú ná sin, is iomchuí a cheadú nach ndéanfar tástáil ar na máthairphlandaí agus ní ar a síolta.

(7) Chun a áirithiú go bhfuil plandaí *Solanum lycopersicum* L. agus a hibridí, agus *Capsicum annuum* L le haghaidh plandú, seachas síolta, saor ón lotnaid shonraithe, is iomchuí a cheangal go gcomhlíonfar ceann den dá cheanglas seo a leanas: is de thionscnamh tír a shuigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír sin go bhfuil sí saor ó ToBRFV na plandaí le haghaidh plandú i gcomhréir leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta, nó díorthaítear na plandaí le haghaidh plandú ó shíolta a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos i gCuid E d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 agus coinníodh iad i ndálaí sláinteachais iomchuí chun ionfhabhtú a chosc.

(8) Plandaí le haghaidh plandú a bhaineann le cineálacha *Capsicum annuum* L. arb eol go bhfuil siad frithsheasmhach in aghaidh na lotnaide sonraithe, níor cheart iad a bheith faoi réir cheanglais an Rialacháin seo ná faoi réir na rátaí rialuithe lena mbaineann, ós rud é go bhfuil an riosca sláinteachais inghlactha agus go bhfuil an fhrithsheasmhacht doiciméadaithe agus rialaithe go leordhóthanach ag na húdaráis inniúla.

(9) In Iarscríbhinn XI, Cuid A, a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 liostaítear na plandaí a bhfuil deimhniú fíteashláintíochta riachtanach ina leith. Ós rud é gur cheart deimhniú den sórt sin a bheith riachtanach le haghaidh plandaí *Solanum lycopersicum* L. agus a hibridí, agus *Capsicum annuum* L. le haghaidh plandú, is iomchuí an Iarscríbhinn sin a leasú dá réir sin. In Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, liostaítear na plandaí a bhfuil pas plandaí riachtanach ina leith. Ós rud é gur cheart pas plandaí a bheith riachtanach le haghaidh plandaí *Solanum lycopersicum* L. agus a hibridí, agus *Capsicum annuum* L. le haghaidh plandú, is iomchuí an Iarscríbhinn sin a leasú dá réir sin.

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/2072/oj).

(10) I gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2389 ón gCoimisiún ([6]), is é 100 % an ráta minicíochta a bheidh ann le haghaidh seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha ar choinsíneachtaí plandaí le haghaidh plandú a thagann isteach sa Aontas. Mar gheall ar an líon idircheaptha i dtaca le plandaí *Solanum lycopersicum* L. agus a hibridí, agus *Capsicum annuum* L. le haghaidh plandú a bhí buailte ag an lotnaid shonraithe le 3 bliana anuas, is iomchuí an maolú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2389 dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2023/1032 a choinneáil ar bun a mhéid a bhaineann leis na hiosrátaí minicíochtaí samplála agus tástála mar chuid de sheiceálacha fisiceacha maidir leis an lotnaid sin. Mar gheall ar líon níos mó idircheaptha na lotnaide sin sna plandaí sin de thionscnamh Iosrael agus na Síne i gcomparáid le tríú tíortha eile, is iomchuí na rátaí minicíochtaí níos airde a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1032 le haghaidh coinsíneachtaí ina bhfuil na plandaí sin a choinneáil ar bun.

(11) I bhfianaise an riosca a bhaineann leis an lotnaid shonraithe agus chun an t-athrú sa líon idircheaptha a chur san áireamh, ba cheart an maolú maidir leis na híosrátaí minicíochta a bheith de chineál sealadach.

(12) Ós rud é go bhfuil Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1032 le dul in éag an 31 Nollaig 2024, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm a luaithe is féidir agus ba cheart feidhm a bheith aige ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh chun aon bhearna dhlíthiúil a sheachaint.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Rátaí minicíochta na rialuithe oifigiúla i maidir le plandaí *Solanum lycopersicum* L. agus a hibridí agus *Capsicum annuum* L. le haghaidh plandú a thabhairt isteach san Aontas i ndáil le ToBRFV

1. De mhaolú ar Airteagal 4(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2389, beidh feidhm ag na rialacha a leagtar amach i míreanna 2 agus 3.

2. Sampláil agus tástáil mar chuid de sheiceálacha fisiceacha le haghaidh láithreacht víreas tráta an toraidh dhoinn rocaigh ('ToBRFV'), déanfar iad ar 20 % ar a laghad de choinsíneachtaí de phlandaí *Solanum lycopersicum* L. agus a hibridí, agus*Capsicum annuum* L. le haghaidh plandú de thionscnamh tríú tíortha.

3. Ach déanfar sampláil agus tástáil le haghaidh láithreacht ToBRFV ar 50 % de choinsíneachtaí de phlandaí *Solanum lycopersicum* L. agus a hibridí agus *Capsicum annuum* L. le haghaidh plandú de thionscnamh Iosrael, agus ar 100 % de choinsíneachtaí na bplandaí sin de thionscnamh na Síne.

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2389 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2022 lena mbunaítear rialacha maidir le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach rátaí minicíochta le haghaidh seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha ar choinsíneachtaí plandaí, táirgí plandaí agus réad eile a thagann isteach san Aontas (IO L 316, 8.12.2022, lch. 42, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/2389/oj).

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an chéad lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2025.

Beidh feidhm ag Airteagal 2 go dtí an 31 Nollaig 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Samhain 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn IV mar a leanas:

(a) i gCuid F, cuirtear an ró seo a leanas isteach sa tábla, faoin teideal 'Víris, víoróidigh, galair dár tréithe víreas agus fíteaplasmaí':

'Víreas tráta an toraidh dhoinn rocaigh (ToBRFV)	*Solanum lycopersicum* L. agus a hibridí *Capsicum annuum* L. seachas síolta a bhaineann le cineál arb eol go bhfuil sé frithsheasmhach in aghaidh ToBRFV	0 %'

(b) i gCuid I, cuirtear an ró seo a leanas isteach idir na tríú agus na ceathrú rónna den tábla, faoin teideal 'Víris, víoróidigh, galair dár tréithe víreas agus fíteaplasmaí':

'Víreas tráta an toraidh dhoinn rocaigh (ToBRFV)	*Solanum lycopersicum* L. agus a hibridí *Capsicum annuum* L. seachas plandaí le plandú a bhaineann le cineál arb eol go bhfuil sé frithsheasmhach in aghaidh ToBRFV	0 %'

2) Leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) i gCuid E, cuirtear na rónna seo a leanas isteach sa tábla, faoin teideal 'Víris, víoróidigh, galair dár tréithe víreas agus fíteaplasmaí':

'Víreas tráta an toraidh dhoinn rocaigh (ToBRFV)	*Solanum lycopersicum* L. agus a hibridí	(a)	is de thionscnamh tír a shuigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír sin go bhfuil sí saor ó ToBRFV na síolta i gcomhréir leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta		
			nó		
		(b)	(i)	rinneadh tástáil oifigiúil nó tástáil ag oibreoirí gairmiúla faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil ar na síolta le haghaidh ToBRFV, ar shampla ionadaíoch, agus modhanna móilíneacha iomchuí á n-úsáid, agus fuarthas go raibh siad saor ón lotnaid sin de réir na dtástálacha sin;	
				nó	
			(ii)	i gcás baisc síolta a thagann ó 30 máthairphlanda nó líon níos lú ná sin, rinneadh tástáil oifigiúil, nó tástáil ag an oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, ar na síolta, nó ar mháthairphlandaí na síolta sin, le haghaidh láithreacht ToBRFV ar shampla ionadaíoch, agus modhanna móilíneacha iomchuí á n-úsáid, agus fuarthas go raibh siad saor ón lotnaid sin de réir na dtástálacha sin.

Víreas tráta an toraidh dhoinn rocaigh (ToBRFV)	*Capsicum annuum* L., seachas síolta a bhaineann le cineál arb eol go bhfuil sé frithsheasmhach in aghaidh ToBRFV	(a) is de thionscnamh tír a shuigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír sin go bhfuil sí saor ó ToBRFV na síolta i gcomhréir leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta; nó (b) (i) rinneadh tástáil oifigiúil nó tástáil ag oibreoirí gairmiúla faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil ar na síolta le haghaidh ToBRFV, ar shampla ionadaíoch agus modhanna móilíneacha iomchuí á n-úsáid, agus fuarthas go raibh siad saor ón lotnaid shonraithe de réir na dtástálacha sin; nó (ii) i gcás baisc síolta a thagann ó 30 máthairphlanda nó líon níos lú ná sin, rinneadh tástáil oifigiúil, nó tástáil ag an oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, ar na síolta, nó ar mháthairphlandaí na síolta sin, le haghaidh láithreacht ToBRFV ar shampla ionadaíoch, agus modhanna móilíneacha iomchuí á n-úsáid, agus fuarthas go raibh siad saor ón lotnaid sin de réir na dtástálacha sin.’

(b) i gCuid H, cuirtear na rónna seo a leanas isteach idir na tríú agus na ceathrú rónna den tábla, faoin teideal ‘Víris, vioróidigh, galair dár tréithe víreas agus fíteaplasmaí’:

‘Víreas tráta an toraidh dhoinn rocaigh (ToBRFV)	*Solanum lycopersicum* L. agus a hibridí	(a) is de thionscnamh tír a shuigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír sin go bhfuil sí saor ó ToBRFV na plandaí le haghaidh plandú i gcomhréir leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta; nó (b) díorthaítear na plandaí le haghaidh plandú ó shíolta a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos i gCuid E den Iarscríbhinn seo, agus coinníodh iad i ndálaí sláinteachais iomchuí chun ionfhabhtú a chosc.
Víreas tráta an toraidh dhoinn rocaigh (ToBRFV)	*Capsicum annuum* L. seachas plandaí le plandú a bhaineann le cineál arb eol go bhfuil sé frithsheasmhach in aghaidh ToBRFV	(a) is de thionscnamh tír a shuigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír sin go bhfuil sí saor ó ToBRFV na plandaí le haghaidh plandú i gcomhréir leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta; nó (b) díorthaítear na plandaí le haghaidh plandú ó shíolta a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos i gCuid E den Iarscríbhinn seo, agus coinníodh iad i ndálaí sláinteachais iomchuí chun ionfhabhtú a chosc.’

(3) In Iarscríbhinn XI, cuid A, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 9

‘9. Síolta glasraí ó:		Gach tríú tír
Capsicum annuum L.	ex 1209 91 80	
Pisum sativum L.	Síolta piseanna (*Pisum sativum*), lena gcur: 0713 10 10	
Solanum lycopersicum L. agus a hibridí	ex 1209 91 80	
Vicia faba L.	Síolta pónairí leathana agus síolta pónairí capaill, lena gcur: ex 0713 50 00 — Eile, síolta lena gcur: ex 0713 90 00’	

(4) In Iarscríbhinn XIII, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 6:

‘6. Síolta, i gcás ina ndéantar a n-aistriú laistigh de raon feidhme Threoir 2002/55/CE, agus a bhfuil lotnaidí neamhchoraintín rialáilte sonracha liostaithe ina leith i gcomhréir le hAirteagal 37(2) de Rialachán (AE) 2016/2031 in Iarscríbhinn IV, de:

— *Allium cepa* L.,

— *Allium porrum* L.,

— *Capsicum annuum* L.,

— *Phaseolus coccineus* L.,

— *Phaseolus vulgaris* L.,

— *Pisum sativum* L.,

— *Solanum lycopersicum* L. agus a hibridí,

— *Vicia faba* L.’